

NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION
AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

CLÁR ÁBHAR

LEATHANACH

EOLAS	2
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	3 – 4
RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE	5
RÁITEAS UM RIALÁIL AIRGEADAIS INMHEÁNACH	6 – 7
RÁITEAS UM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	8 – 9
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	10
AN CLÁR COMHARDAITHE	11
RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID	12
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	13 – 17

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Eolas

Baill Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta arna gceapadh ar feadh téarma trí bliana go dtí an 31 Nollaig 2012:

An tUas. Sydney Blain (Cathaoirleach)

An Dr Seamus Hegarty

An tSr. Maighread Ní Ghallchobhair

An tUas. Tom O'Sullivan

An tUas. Don Mahon

An Dr Anne Lodge

Iníon Joan Russell

An tUas. Pat Kinsella

Iníon Julie O'Leary

An tUas. Siobhán Barron

An tUas. Mick Coughlan

An tUas. James O'Grady

Iníon Maureen Costello

Príomhfheidhmeannach:

Iníon Teresa Griffin

Bhí téarma oifige gnáthbhall Comhairle na NCSE caite ar 31 Nollaig 2012. Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna cathaoirleach agus gnáthbhaill nua ar Chomhairle athbhunaithe na NCSE go ceann trí bliana go dtí an 31 Nollaig 2015. D'ainmnigh an Chomhairle an tUas. Eamon Stack, Cathaoirleach na Comhairle athbhunaithe chomh maith le Príomhfheidhmeannach na NCSE, do na cuntais cheadaithe ag an gComhairle a shíniú ar son na Comhairle don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Oideachais do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta orthu 2004. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach ann, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, den Chlár Comhardaithe, den Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus de na nótaí a bhaineann leo. Is é Alt 29 den Acht agus an cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn an creatlach tuairisce airgeadais ar baineadh feidhm aisti agus na ráitis á n-ullmhú.

Cúraimí Baill na Comhairle

Is í an Chomhairle atá freagach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar ghnóthaí na Comhairle agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Cúraimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is í an cúram atá ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a ghabhann leis na comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta don Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúchóireachta.

Raon Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

Is é a ghabhann le hiniúchadh ná fianaise a fháil i leith na suimeanna agus na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar leor í chun rátháíocht réasúnach a thabhairt nach bhfuil aon mhiráiteas nithiúil sna ráitis airgeadais, bíodh sé trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú

- an iomchuí iad na beartais chuntasaíochta d'imthosca na Comhairle, agus ar cuireadh i ngníomh iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh go hiomchuí iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta mór a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais féin.

Ina theannta sin féachaimse le fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Ina theannta sin is amhlaidh a léimse gach eolas airgeadais agus neamhairgeadais atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí nithiúla a aithint atá i gcodarsnacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáilse má aithním aon mhiráiteas nó neamhréireacht nithiúil dhealraitheach.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, ar chúrsaí na Comhairle an 31 Nollaig 2012 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

Cúrsaí ar a dtuairiscímse trí eisceacht

Tuairiscímse trí eisceacht mura

- bhfuair mé gach eolas agus míniú a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadhsa aon ásc nithiúil nár cuireadh airgid chun feidhme chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh ná nár chomhaill na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, ná
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, ná
- nach léirítear sa Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach gur chomhaill an Chomhairle an Cód Cleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighimse aon chás nithiúil eile i ndáil leis an mbealach ina ndearnadh gnó poibí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Patricia Sheehan

Ar son agus thar ceann

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Iúil 2013

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Fhreagrachtaí na Comhairle

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta orthu 2004 agus foráiltear san Acht sin go gcoinneoidh an NCSE leabhair chuntais chuí i leith gach ioncaim agus caiteachais de chuid na NCSE, agus i leith foinsí an ioncaim dá shórt agus ábhar an chaiteachais sin, agus i leith maoiné, creidmheasanna agus dlíteanais na NCSE. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an gComhairle de réir barrchleachtais, ní foláir di:

- Beartais chuntasafochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
- Sonrú ar comhalladh na caighdeáin chuntasafochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura neamhoiriúnach é a thiomhdiú go leanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i mbun feidhme.

Is é an Bord atá freagrach leis, as sócmhainní na NCSE a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun an chalaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann na Comhairle:

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach

Dáte 28 Meitheamh 2013

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach

Freagracht as an gCóras um Rialáil Airgeadais Inmheánach

Glacaim freagracht mar chathaoirleach, thar ceann bhail Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialála airgeadais inmheánaí á chothabháil agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta a thabhairt, nach cinnteacht iomlán é, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí eile agus go n-aimsítear go tráthúil iad.

Príomhnósanna Rialála

Tá céimeanna glactha ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chúí a chinntiú:

- trína chinntiú go gcomhallann an NCSE a hoibleagáidí airgeadais faoin Acht
- trí chúraimí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir laistigh de struchtúr eagrúcháin sainithe ina bhfuil leithdheighilt shoiléir déanta ar dhualgais
- trí nósanna imeachta rialála iomchuí a fhorbairt agus a chur chun i bhfeidhm
- trí coistí iomchuí de chuid na Comhairle a bhunú chun béim níos mó a chur ar limistéir ar leith
- trí feidhm iniúchta inmheánach a bhunú agus
- trí próisis a bhunú chun priacail ghnó a aithint agus a mheas

Tá an córas rialála airgeadais inmheánaí bunaithe ar chreatlach a bhfuil d'aidhm aici eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin (lena n-áirítear leithdheighilt na ndualgas, teorainneacha údarúcháin agus lámhleabhar faisnéisithe um nósanna imeachta), agus córas tarmhligthe agus cuntasafíochta a sholáthar. Áirítear leis go sonrach:

- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil aige, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an gComhairle sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna é;
- buiséad oibriúcháin arna chomhaontú ag an gComhairle agus é bunaithe ar theorainneacha buiséid forordaithe arna socrú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna;
- athbhreithniú mionsonraithe ag Feidhmeannacht na Comhairle ar thuarascálacha míosúla agus nuashonraithe ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne an bhuiséid;
- athbhreithniú rialta ag Feidhmeannacht na Comhairle ar thairiscí airgeadais agus ar phríomh-tháscairí oibriúcháin agus
- treoirlínte soláthair agus tairisceana atá sainithe go soiléir.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach

Is é an coiste iniúchta, arna cheapadh ag an gComhairle, a athbhreithníonn na ráitis airgeadais bhliantúla agus a dhéanann maoirseacht ar chur i ngníomh éifeachtach na feidhme iniúchta inmheánaí agus aon saincheist a éiríonn aníos i ndáil leis an iniúchadh seachtrach. Le linn 2012 rinneadh athbhreithniú ar an gcóras um rialáil airgeadais inmheánach. Chuir an Coiste Iniúchta an tuairisc athbhreithnithe faoi bhráid na Comhairle ag an 73^ú cruinniú Mí na Nollag 2012. Chomhaontaigh an Chomhairle go raibh an córas um rialáil airgeadais inmheánach ar bhonn éifeachtach agus sásúil.

Cheap an Chomhairle coiste airgeadais leis, a dhéanann athbhreithniú ar ullmhú na ndrúachtbhuiséad, ar chur i ngníomh an bhuiséad oibriúcháin comhaontaithe, a scrúdaíonn na cuntais agus a athbhreithníonn na rialálacha airgeadais.

Is iad an coiste iniúchta, an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus foireann bainistíochta na Feidhmeannachta a mhúnlaíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht an chórais um rialáil airgeadais inmheánach.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialálacha

Deimhním i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2012 go ndearna an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialáil airgeadais inmheánach.

Sínithe thar ceann na Comhairle:

Cathaoirleach
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Dáta 28 Meitheamh 2013

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Bheartais Chuntasafóchta

1. Bunús na Cuntasafóchta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe na cuntasafóchta i gcomhréir leis na prionsabail cuntasafóchta a nglactar go coitianta leo agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus comhallann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Bhord um Chaighdeáin Chuntasafóchta.

2. Tréimhse Chuntasafóchta

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012.

3. Ioncam

Bunaítear an t-ioncam ar fháltais airgid tirim agus is ionann an t-ioncam agus an tsuim a íochtar go díreach leis an NCSE ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain mar dheontas i gcomhréir le hAlt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta orthu 2004.

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sloinntear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas de réir mhéid chothroim ag rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré mheasta mar seo a leanas:

Troscán & feistis	10 mbliana	Trealamh Ríomhaireachta	5 bliana
Trealamh oifige	5 bliana	Athchóiriú Léasach	19 mbliana
Bogearraí	3 bliana		
Ríomhaireachta			

Leagtar amach beartas na NCSE maidir le soláthar agus diúscairt sócmhainní seasta na NCSE ina Beartas Airgeadais agus ina Lámhleabhar Nósanna Imeachta atá ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

5. Cuntas Caipitiúil

Is ionann an Cuntas Caipitiúil agus luach neamh-amúchta an ioncaim as a mbaintear leas chun sócmhainní seasta a airgeadú.

6. Pinsin

Foráiltear in alt 25 (5) den Acht gur státseirbhísigh atá i bhfoireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is scéimeanna sochair shainithe atá i Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse agus atá neamhchistithe agus arna riaradh ag an Roinn Airgeadais. Ní ghearrtar aon mhuirear sna ráitis airgeadais d'aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos maidir leis an bhfoireann seo. Is leis an Roinn Airgeadais a aisíoctar ranníocaíochtaí a bhaintear de thuarastail.

Na baill fhoirme a fhaigheann an NCSE ar iasacht ó eagrais eile na hearnála poiblí, leanann

siad ar aghaidh le ballraíocht den scéim pinsin arb iomchuí don fhostaíocht óna bhfaightear ar iasacht iad. Íoctar suimeanna chun costas an tsoláthair phinsin a chlúdach, lena n-áirítear ranníocaíochtaí foirne, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i ndáil le foireann na NCSE ar oidí bunscoile, meánscoile, pobalscoile agus scoile cuimsithí iad agus leis na Coistí Gairmoideachais i ndáil leis an bhfoireann ar oidí Choiste Gairmoideachais ar iasacht iad. Níor tugadh aon fhoireann ar iasacht don NCSE sa bhliain 2012.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
Deontas Stáit	1	8,222,000	8,152,000
Aistriú ón gCuntas Caipitil	9	39,292	108,691
Ioncam eile	2	<u>223</u>	<u>7,051</u>
		8,261,515	8,267,742
Caiteachas	3	<u>(8,361,497)</u>	<u>(8,593,267)</u>
Easnamh		<u>(99,982)</u>	<u>(325,525)</u>
Barrachas amhail an 1 Eanáir		107,749	433,274
Barrachas amhail an 31 Nollaig		7,767	107,749

Ní raibh aon ghhnóthachain ná cailiteanais aitheanta eile sa bhliain, seachas iad siúd ar pléadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas um Beartais Chuntasáíochta agus nótaí 1 chuig 15.

Thar ceann na Comhairle:

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach

Dáta 28 Meitheamh 2013

Dáta 28 Meitheamh 2013

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní inlámhsithe	6	541,778	581,070
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Feichiúnaithe & Réamhfocaíochtaí	7	70,005	23,989
Airgead ar Láimh		<u>53,420</u>	<u>746,397</u>
Iomlán Sócmhainní Reatha		123,425	770,386
CREIDIÚNAITHE			
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	8	<u>115,658</u>	<u>662,637</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		7,767	107,749
Iomlán Sócmhainní lúide dliteanais reatha		<u>549,545</u>	<u>688,819</u>
ARNA AIRGEADÚ AG			
Barrachas carntha an ioncaim thar caiteachas Cuntas Caipitil	9	7,767 <u>541,778</u>	107,749 <u>581,070</u>
Caipiteal Iomlán		<u>549,545</u>	<u>688,819</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas um Beartais Chuntasafochta agus nótaí 1 chuig 15.

Thar ceann na Comhairle:

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach

Dáta 28 Meitheamh 2013

Dáta 28 Meitheamh 2013

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
Réiteach an bharrachas oibriúcháin le hinsreabhadh airgid ghlan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Easnamh oibriúcháin don bhliain		(99,982)	(325,525)
Dímheas	6	100,309	121,647
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	6	859	1,216
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	9	(39,292)	(108,691)
Ús Tuillte		(153)	(2,118)
Laghdú / (meadú) i bhfeichiúnaithe		(46,016)	124,619
Laghdú / (meadú) i gcreidiúnaithe		(546,979)	8,833
Glan-eisreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(631,254)	(180,019)
Fáltais ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais			
Ús faighte		153	4,366
Glanchaiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a shealbhú	6	(61,876)	(14,172)
Laghdú in airgead		(692,977)	(189,825)

RÉITEACH AN GHLANSREAF A AIRGID LE GLUAISEACHT SNA GLANCHISTÍ

Glanchistí ag 1 Eanáir	746,397	936,222
Glanchistí ag 31 Nollaig	53,420	746,397
Laghdú in airgead	(692,977)	(189,825)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 chuig 15.

Thar ceann na Comhairle:

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach

Dáta 28 Meitheamh 2013

Dáta 28 Meitheamh 2013

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1.	IONCAM	2012 €	2011 €
	Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle:		
	Deontas don Chomhairle	<u>8,222,000</u>	<u>8,152,000</u>
2.	IONCAM EILE	2012 €	2011 €
	Ús Baine	153	2,118
	An tSaoráil Faisnéise	70	60
	Aisíocaíochtaí gutháin ón bhfoireann	-	<u>4,873</u>
		<u>223</u>	<u>7,051</u>
3.	CAITEACHAS	2012 €	2011 €
	Clóbhualadh, postas agus stáiseanáireacht	105,908	166,640
	Cíos agus Rátaí	391,191	400,223
	Guthán	220,854	216,107
	Solas agus Teas	46,624	36,722
	Deisiúcháin agus Cothabháil	122,194	114,071
	Oiliúint agus Forbairt	40,551	44,970
	Caiteachais taistil agus cothabhála	223,283	192,564
	Caiteachas ar chruinnithe	29,788	33,141
	Caiteachas ginearálta	3,290	3,530
	Caiteachas ar thaighde	335,275	355,714
	Caiteachas maidir le TF	200,415	179,665
	Seirbhísí Seachfhoinsithe & Táillí Comhairleoireachta	16,103	15,775
	Táille Iniúchta Inmheánaigh	14,866	3,798
	Táille Iniúchta Sheachtraigh	11,280	11,280
	Táillí Cuntasaíochta	14,954	20,172
	Táillí Dlí	2,694	1,389
	Pá agus tuarastail (Nóta 4)	6,000,004	6,192,538
	ÁSPC Fostóra	481,055	482,105
	Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	859	1,216
	Dímheas	<u>100,309</u>	<u>121,647</u>
	Caiteachas Iomlán	<u>8,361,497</u>	<u>8,593,267</u>

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

4. PÁ AGUS TUARASTAIL

Táthar ag cur chun feidhme beartais an Rialtais i ndáil le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid comhlachtaí stáit. B'ionann an líon foirme a fostaíodh ag an gComhairle ag deireadh na bliana 2012 agus 103. Áirítear orthu 9 nEagraí Sinsearacha um Riachtanais Oideachais Speisialta (SSENO), 73 Eagraí um Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO) agus 21 líon foirme sa Cheannoifig.

B'ionann an caiteachas ar thuarastail na SSENO agus na SENO agus €4,678,718 agus ar thuarastail an lín fhoirme sa Cheannoifig agus €1,321,286, arbh ionann agus €6,000,004 san iomlán iad. Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais arbh fhiú €299,984 iad ó thuarastail na mbaili foirme agus aisíocadh leis an Roinn Airgeadais iad. Ina theannta sin ab amhlaidh a rinneadh asbhaintí tobhaigh phinsin arbh fhiú €414,990 iad de thuarastail fhoirne, agus aisíocadh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna iad.

5. COSTAIS, TÁILLÍ STIÚRTHÓIRÍ AGUS LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Táthar ag cur i ngníomh treoirilinte an Rialtais i leith íoc táilli an stiúrtóra. Níor íocadh aon táille sa bhliain 2012 le baill chomhairle aonair. B'ionann an t-iomlán a íocadh as caiteachas taistil & cothabhála sa bhliain 2012 agus €13,096 (2011: €13,265).

Is Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse atá sa Phríomhfheidhmeannach. B'ionann an tuarastal bliantúil iomlán a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2012 agus €131,570 (2011: €93,557 ó mhí Aibreán go deireadh bliana). Is ball den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe é agus ní shineann na teidlíochtaí pinsin thar teidlíochtaí caighdeánacha na scéime – féach Nóta 6 den Ráiteas NCSE um Bheartais Chuntasaíochta.

6. SÓCMHAINNÍ SEASTA

Costas	Cóiriú Léasa €	Trealamh Oifige €	Troscán €	Trealamh Ríomhaire €	Bogearraí Ríomhaire €	Iomlán €
An 31 Nollaig 2011	610,351	58,793	262,383	489,310	340,095	1,760,932
Breiseanna	-	1,601	3,607	56,669	-	61,877
Diúscairtí	-	(422)	(150)	(25,334)	-	(25,906)
An 31 Nollaig 2012	<u>610,351</u>	<u>59,970</u>	<u>265,840</u>	<u>520,644</u>	<u>340,095</u>	<u>1,796,901</u>
Dímheas Carntha						
An 31 Nollaig 2011	224,866	45,127	142,797	429,628	337,444	1,179,862
Muirear don bhliain	32,124	5,670	26,377	33,559	2,580	100,309
Diúscairtí	-	(345)	(49)	(24,653)	-	(25,047)
An 31 Nollaig 2012	<u>256,990</u>	<u>50,451</u>	<u>169,126</u>	<u>438,533</u>	<u>340,024</u>	<u>1,255,124</u>
Glanluach na Leabhar						
An 31 Nollaig 2011	<u>385,485</u>	<u>13,666</u>	<u>119,586</u>	<u>59,682</u>	<u>2,651</u>	<u>581,070</u>
An 31 Nollaig 2012	<u>353,361</u>	<u>9,519</u>	<u>96,714</u>	<u>82,111</u>	<u>71</u>	<u>541,778</u>

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

7. FEICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ	2012	2011
	€	€
Réamhíocaíochtaí	56,776	17,398
Oifig na nOibreacha Poiblí	<u>13,229</u>	<u>6,591</u>
	<u>70,005</u>	<u>23,989</u>
8. CREIDIÚNAITHE	2012	2011
	€	€
ÍMAT	-	105,818
ÁSPC	-	47,283
Asbhaintí Párolla eile	(2,456)	97,481
Creidiúnaithe is Soláthraithe	6,538	93,957
CBL Iníoctha	10,539	5,619
Fabhruithe	78,439	306,132
CSSG	<u>22,595</u>	<u>6,347</u>
	<u>115,655</u>	<u>662,637</u>
9. CUNTAS CAIPITIL	2012	2011
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	581,070	689,761
Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní a cheannach	61,877	14,172
Amúchadh i gcomhréir le dímhéas sócmhainne	(100,309)	(121,647)
Suim a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta	<u>(859)</u>	<u>(1,216)</u>
Aistriú (chuig)/ ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	(39,292)	(108,691)
Iarmhéid Deiridh	<u>541,778</u>	<u>581,070</u>

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

10. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Oibríonn an NCSE gréasán 38 oifig ar fud an Stáit, lena n-áirítear a Ceannteathrú i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Is ar cíós a fhaightear formhór na n-oifigí ó aonáin atá á gcistiú ag an Rialtas. Oibrítear sé cinn d'oifigí trí chomhaontuithe léasa* idir an NCSE agus comhlachtaí tráchtála.

Na comhaontuithe ligin ag an NCSE le 5 chomhlacht tráchtála:

Léas 1 go ceann 4 bhliain 11 mí ag tosú mí Mhárta 2008
Léas 2 go ceann 4 bhliain 9 mí ag tosú mí Bhealtaine 2008
Léas 3 go ceann 4 bhliain 9 mí ag tosú mí na Nollag 2008
Léas 4 go ceann 4 bhliain 9 mí ag tosú mí Aibreáin 2010
Léas 5 go ceann 3 bliana ag tosú i mí Iúil 2010

Is ionann an chíos bhliantúil a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais i leith na gcomhaontuithe léasa seo agus €51,296. Tá na tiomantais bhliantúla seo a leanas ag an NCSE faoi na léasanna oibriúcháin a rachaidh in éag

	2012	2011
	€	€
laistigh de bhliain amháin	8,993	12,327
le linn na mblianta 2 agus 5	16,635	46,142
ag dul in éag dá éis sin	-	-

*Ní thagann na comhaontuithe seo faoi réir athbhreithnithe cíosa.

11. ÁITREABH

Tá an NCSE ag áitiú áitribh ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí faoi chomhaontú cíosa le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is ar feadh téarma 20 bliain a mhaireann an comhaontú sin, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2004. Ina theannta sin is amhlaidh atá comhaontuithe cíosa ag an gComhairle i leith 37 maoin eile ag ionaid éagsúla ar fud na tíre. Is ionann an muirear cíos bliantúil iomlán atá san áireamh leis na ráitis airgeadais don bhliain 2012 agus €391,191.

12. DLITEANAS TEAGMHASACH

Níl aon dliteanas teagmhasach ann.

13. IMEACHTAÍ A THARLA I NDIAIDH DÁTA AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Níor tharla aon imeacht shuntasach i ndiaidh dáta an chláir chomhardaithe.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

14. BAILL NA COMHAIRLE – NOCHTADH LEASA

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais na Roinne Airgeadais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit i ndáil le nochthead leasanna bhail na Comhairle.

Fuair beirt Bhall Comhairle focaíochtaí €6,500 agus €12,500 faoi seach sa bhliain 2012 i dtaca le seirbhísí gairmiúla arna soláthar don Chomhairle. Thug an Roinn Airgeadais cead don focaíocht i ndáil leis na seirbhísí gairmiúla seo.

15. FAOMHADH NA RÁITIS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Márta 2013.